

Beartas Leighis Gaelscoil Chill Mhantáin

Polasaí Leighis

- 1 Glacann an Bord Bainistíochta go bhfuil sé de dhualgas orainn sláinte agus sabháilteacht na ndaltaí a chosaint le linn am scoile agus nuair atá na daltaí páirteach in imeachtaí scoile atá ceadaithe. Tá an polasaí seo ann chun an dualgas seo a chomhlíonadh.
- 2 Iarrann an Bord Bainistíochta ar thuismitheoirí a chinntiú go dtugann siad eolas i scríbhinn do na muinteoirí mar gheall ar chúrsaí leighis a bpáistí.
- 3 I gcás go bhfuil galar ag páiste a d'fhéadfadh iad a chur i mbaol bháis, ba cheart do thuismitheoirí cur síos a dhéanamh, go soiléir i scríbhinn, ar chéard ba cheart nó nár cheart a dhéanamh don pháiste i gcás práinne, ag cur béim ar na nithe a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh don pháiste.
- 4 Ní chuirfear leigheas neamh-ordaithe i dtaisce sa scoil agus ní dháilfear a leithéid ar na daltaí agus iad ar scoil.
- 5 Más gá do pháiste leigheas ordaithe a thógaint i rith am scoile, beidh ar thuismitheoirí nó ar chaoimhmóirí é a thabhairt dó/di.
- 6 Ní ghlacann an Bord Bainistíochta aon freagracht faoi dháileadh leigheas áirithe, mar shampla, ionanáilaitheoirí le haghaidh asma, a chaithfear bheith ar fáil go héasca an am go léir i rith am scoile.
- 7 Ní féidir iachall a chur ar mhúinteoirí leigheas nó drugaí a dháileadh ar dhalta.
- 8 I gcás go bhfuil múinteoir sasta leigheas a dáileadh, caithfear litir ceadúnais óna thuismitheoirí/caomhnóirí a bheith scríofa.
- 9 I gcásanna éigeandála, déanfar iarracht dul i dteagmháil le thuismitheoirí an pháiste ar dtús, agus ansin le daoine ainmnithe ag na thuismitheoirí nó le dochtúir ainmithe. Má theiptear air seo, gheobhfar an chéad cabhair leighis cáilithe atá ar fáil chomh luath agus is féidir.
- 10 I gcás fíor-práinne, déanfar teagmháil ar dtús le Seirbhís Otharcharr Chill Mhantáin.
- 11 Ba cheart go dtuigfeadh chuile thuismitheoir go soiléir na socraithe seo. Tá sé de dhualgas ar na thuismitheoirí aon fhadhb chúí a chur in iúl don scoil go soiléir i scríbhinn, agus na foirmeacha cuí a líonadh agus a athnuachan mar is gá.
- 12 Má tá cás go bhfuil tinneas ar pháistí, a d'fhéadfadh a saol a chur i mbaol, sa chás seo, le cead scríofa, daileofaí an scoil an leigheas ar an páiste (I ról 'loco parentis'), más gá é sin a dhéanamh.

Déanfar athmheas ar an bpolasaí seo mar is gá.

**Bord Bainistíochta
Gaelscoil Chill Mhantáin**

Cruthaithe	Bealtaine 2005
Athbhreithniú déanta	Nollaig 2014
Athbhreithniú le déanamh	Nollaig 2015